Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Samhain 2023
(OR. en)

15324/1/23
REV 1

LIMITE

POLCOM 267
SERVICES 49
FDI 30
COLAC 146

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0259(NLE)**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11505/23 + ADD 1-7 and 11506/23 + ADD 1-7 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile<br>- Glacadh<br>agus<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle:

   (a) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (11505/23 + ADD 1-7); agus

   (b) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (11506/23 + ADD 1-7).

2. Scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) na tograí thuasluaite ag an gcruinniú a bhí aige an 6 Iúil 2023 agus d'fhormhuinigh sé iad, agus leasuithe i gceist chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh, an 20 Iúil 2023.

PUBLIC

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh a ghlacadh maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 11666/23 agus 11668/23 + ADD 1-2 é
- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa;
- a chinneadh an dréacht-Chinneadh maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 11667/23 agus 11668/23 + ADD 1-2 a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil, agus
- aon ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a thabhairt dá haire.